COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

EACNAMAÍOCHT BHAILE

TREOIRLÍNTE

AN SCRÚDÚ AR SCILEANNA BIA AGUS CÓCAIREACHTA

STAIDÉAR ROGHNACH – OBAIR THIONSCADAIL

---

1. LEAGAN AMACH AN MHEASÚNAITHE

Is é an leagan amach seo a leanas a bheidh ar an scrúdú:

Ardleibhéal:	(i)	Scrúdú Scríofa	300 marc (50%)
	(ii)	Scrúdú ar Scileanna Bia agus Cócaireachta	210 marc (35%)
	(iii)	Staidéar Roghnach – Obair Thionscadail	90 marc (15%)
Gnáthleibhéal:	(i)	Scrúdú Scríofa	240 marc (40%)
	(ii)	Scrúdú ar Scileanna Bia agus Cócaireachta	270 marc (45%)
	(iii)	Staidéar Roghnach – Obair Thionscadail	90 marc (15%)

2. CUSPÓIRÍ MEASÚNAITHE DO RÉIMSE NA SCILEANNA BIA AGUS CÓCAIREACHTA AGUS DO RÉIMSE AN STAIDÉIR ROGHNAIGH

Is é aidhm na nósanna imeachta a leantar sa mheasúnú tomhas a dhéanamh ar cé chomh fada agus a bhain iarrthóirí amach cuspóirí measúnaithe an Teastais Shóisearaigh san Eacnamaíocht Bhaile.

Beifear ag siúl leis go léireoidh iarrthóirí:

- eolas sásúil ar na prionsabail, ar an téarmaíocht, ar na fíorais agus ar na teoiricí atá cuimsithe sa siollabas;
- scileanna praiticiúla, láimhseáil uirlisí agus trealaimh san áireamh;
- scileanna gnásúla ar a n-áirítear an cumas treoir a leanúint i bhfoirm scríofa, ó bhéal, nó i bhfoirm ghrafach;
- an inniúlacht ar shonraí a aimsiú, a thaifeadadh agus a léirmhíniú agus ar shonraí a aistriú ó fhoirm amháin go foirm eile;
- an inniúlacht ar thasc a chur i gcrích, faoi threoir chuí, ón mbunsmaoineamh go dtí an cur i bhfeidhm;
- an inniúlacht ar thascanna praiticiúla a chur i gcrích i réimse na Scileanna Cócaireachta.

3. NA MODHANNA MEASÚNAITHE

Scrúdaitheoir a cheapfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh na hiarrthóirí a mheasúnú.

4. NA CRITÉIR MHEASÚNAITHE AGUS DÁILEADH NA MARCANNA

4.1 Scileanna Bia agus Cócaireachta – Aguisín 1
4.2 Tionscadal i gCúram Leanaí – Aguisín 2
4.3 Tionscadal sa Dearadh agus sa Cheardaíocht – Aguisín 3
4.4 Tionscadal i Scileanna Teicstílí – Aguisín 4

5. TREOIRLÍNTE DON SCRÚDÚ I SCILEANNA BIA AGUS CÓCAIREACHTA

- Déanfaidh gach iarrthóir scrúdú praiticiúil i láthair scrúdaitheora a cheapfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
  Mairfidh an scrúdú 1 uair 30 nóiméad.
  Ceadófar tréimhse ullmhúcháin do gach iarrthóir roimh an scrúdú. Mairfidh sí tríocha nóiméad.
  D'fhéadfadh scrúdaitheoir comhairleach a bheith i láthair le monatóireacht a dhéanamh ar obair an scrúdaitheora.

- Is é 12 dhuine an líon is mó iarrthóirí a cheadófar in aghaidh an tseisiúin scrúdaithe.

- Tarraingeoidh gach iarrthóir tasc amháin as an liosta a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit gach bliain agus cuirfidh sé/sí an tasc sin i gcrích. Ba chóir go leanfaí próiseas an dearaidh áit ar bith a n-oireann sé sin don tasc.

- Ceadaítear do bheirt iarrthóirí ar a mhéad dul i mbun gach taisc i ngrúpa scrúdaithe. Ní chuirfear an socrú seo i bhfeidhm aon áit a gcónasctar dhá rang-ghrúpa.

- Roghnófar na tascanna don scrúdú seo go randamach faoi mhaoirseacht an mhúinteora Eacnamaíocht Bhaile **dhá sheachtain ar a laghad** roimh an scrúdú. Ní mór an dáta ar roghnaíodh na tascanna a chur isteach sa spás a chuirtear ar fáil chuige sin ar Fhoirm P.2.

- Ba chóir go dtiocfadh gach iarrthóir i láthair don scrúdú agus é/í gléasta go cuí, agus cíortha cóirithe:

  - naprún glan nó cóta bán air/uirthi
  - an ghruaig ina cúilín ceangailte
  - bróga cuí – gan sála arda ná bróga gan bharraicíní
  - gan seodra ar bith
  - lámha glana agus loit clúdaithe

- Ní foláir do gach iarrthóir fianaise a sholáthar ar réamhthaighde agus ar phleanáil.

- Ba chóir go gcuirfí an réamhthaighde agus an phleanáil i láthair i bhfillteán agus ba chóir na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

  - an tasc a roghnaíodh
  - anailís ar thrí thoisc a bhaineann leis an tasc áirithe sin
  - dhá réiteach fhéideartha a fiosraíodh
  - an réiteach nó na réitigh a roghnaíodh agus na cúiseanna ar roghnaíodh é nó iad
  - ba chóir go sásódh an réiteach critéir an taisc agus go dtabharfadh sé deis don iarrthóir tabhairt faoi na scileanna cuí a ghabhann le caighdeán an Teastais Shóisearaigh a léiriú go fónta i gcaitheamh an scrúdaithe

- clár oibre/plean ama don scrúdú. Ba chóir go gcuimseodh an plean ama tréimhse chun meastóireacht scríofa a dhéanamh ag deireadh an scrúdaithe.

- liosta na n-acmhainní atá ag teastáil, e.g. comhábhair, trealamh, etc.

- ábhar scríbhneoireachta chun an meastóireacht scríofa a dhéanamh.

- Ba chóir go mbeadh scrúduimhir an iarrthóra marcáilte go soiléir ar gach iarrthóir, ar gach ionad oibre agus ar gach ábhar scríbhneoireachta.

- Ba chóir go mbainfí a oiread úsáide agus is féidir as comhábhair úra agus a laghad úsáide agus is féidir as bianna áise chun gur fearr a léireoidh iarrthóirí a gcuid scileanna cócaireachta agus cur i bhfeidhm na bprionsabal cócaireachta.

- Níor chóir go ndéanfaí níos mó ná na bunriachtanais agus comhábhair á réiteach roimh ré, e.g. ní miste na comhábhair a mheá, na glasraí a ní ach gan iad a scamhadh ná a mhionghearradh, etc.

- Bá chóir go gcloífeadh na hiarrthóirí le cleachtais oibre atá sláinteach folláin agus slán ó bhaol.

- Beidh ar na hiarrthóirí na huirlisí agus an trealamh ar baineadh úsáid astu i gcaitheamh an taisc a ghlanadh ina ndiaidh, agus iad a fhágáil ar an mbord go seiceálfaidh an scrúdaitheoir iad.

- Ní miste cócaireáin gháis a lasadh roimh ré ach ní foláir do na hiarrthóirí an teocht riachtanach a shocrú le linn an scrúdaithe.

- Ní foláir do gach iarrthóir meastóireacht ghearr ar an tasc a scríobh le linn an scrúdaithe. Má leagadh síos meastóireacht mar chuid den tasc is cóir é sin a dhéanamh in ionad na meastóireachta ginearálta a dhéantar de ghnáth.

TREOIRLÍNTE D'OBAIR THIONSCADAIL AR ÁBHAR ROGHNACH

6. Tá struchtúr an tsiollabais san Eacnamaíocht Bhaile sa Teastas Sóisearach ina dhá chuid:

- comhchúrsa de chúig réimse staidéir

- staidéar roghnach amháin as trí cinn atá tugtha

Tugann struchtúr na staidéar roghnach deis do na mic léinn grinnstaidéar a dhéanamh ar réimse amháin den chomhchúrsa.

Roghnófar staidéar roghnach amháin as na trí cinn seo a leanas:

1. Cúram Leanaí
2. Dearadh agus Ceardaíocht
3. Scileanna Teicstílí

Is ionann an staidéar roghnach agus 15% den chúrsa.

- Is ionann an tionscadal ar an staidéar roghnach agus 15% den scrúdú iomlán. Ní dhéantar idirdhealú idir na leibhéil éagsúla agus an obair thionscadail á measúnú.

- Ní dhéanfar ábhar an chúrsa a roghnaíodh don staidéar roghnach a scrúdú sa scrúdú scríofa.

- Caithfidh gach mac léinn aonair obair thionscadail a dhéanamh. Ní ghlacfar le tionscadail ghrúpa.

- Moltar go dtabharfaí faoin tionscadal sa staidéar roghnach i gcaitheamh na coda deiridh den Timthriall Sóisearach (deireadh na 2ú bliana/tús na 3ú bliana). Glactar leis go mbeidh na bunscileanna, na teicnící agus an leibhéal cuí aibíochta ag na mic léinn um an dtaca sin le bheith ag obair go neamhspleách.

- Ba chóir an obair thionscadail a dhéanamh i gcaitheamh am na ranganna den chuid is mó agus faoi mhaoirseacht an mhúinteora.

  Is é ról ba cheart a bheith ag an múinteoir ná na mic léinn a threorú, tacaíocht a thabhairt dóibh agus moltaí a dhéanamh.

  Cabhróidh an múinteoir leis na mic léinn

  - agus an réamhphleanáil á déanamh acu
  - agus tráthchlár oibre á cheapadh acu
  - le linn dóibh a bheith ag roghnú topaicí/cineálacha ceardaíochta/baill éadaigh
  - agus pleanáil ar siúl acu
  - agus scileanna á bhforbairt acu
  - á gcomhairliú maidir le modhanna taighde, etc.

- Obair dhílis na n-iarrthóirí féin ba chóir a bheith sna tionscadail a chuirfear i láthair i gcomhair measúnú (agus dearbhú ina leith sin ón múinteoir Eacnamaíocht Bhaile agus ón bPríomhoide) agus ní foláir aon ábhar tánaisteach a mbaintear leas as a admháil.

- Ní mór fianaise shoiléir a bheith sna tionscadail ar obair ar tugadh fúithi de bhreis ar riachtanais chomhchúrsa an tsiollabais.

- Scrúdaitheoir a cheapfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanfaidh an obair thionscadail a mheasúnú. D'fhéadfadh scrúdaitheoir comhairleach a bheith i láthair le monatóireacht a dhéanamh ar obair an scrúdaitheora.

- Ní ceadmhach tionscadail ná codanna de thionscadail a chuirtear i láthair i gcomhair measúnú san Eacnamaíocht Bhaile a chur i láthair arís i gcomhair measúnú in ábhair eile, e.g. Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh nó Teicneolaíocht.

- Ba chóir do na mic léinn na tionscadail a roghnú i gcomhairle lena múinteoirí.

- Ba chóir go mbeadh ceangal idir an tionscadal agus cuspóirí an réimse chuí den chúrsa agus ba chóir go gcuimseodh sé éagsúlacht gníomhaíochta.

- Ní miste cé acu a bhíonn gnéithe scríofa an tionscadail lámhscríofa nó clóscríofa. Ní bhronnfar marcanna breise ar ábhar clóscríofa.

6.1 STAIDÉAR ROGHNACH – CÚRAM LEANAÍ

6.1.1 Is é an príomhréimse staidéir i gCúram Leanaí ná forbairt an linbh. Is é is cúram dó ná bunfhorbairt an linbh, idir fhisiceach, mheabhrach agus mhothúchánach, sna blianta múnlaitheacha dá shaol (0-12 bhliain).

Is é an leagan amach a bheidh ar thionscadal an Chúraim Leanaí ná obair chúrsa an mhic léinn bunaithe ar staidéar praiticiúil agus ar iniúchadh. Ní foláir don staidéar fianaise shoiléir a chur ar fáil ar thaighde agus ar obair phraiticiúil ar tugadh fúthu i dtaca le topaic a roghnaíodh as an siollabas a bhaineann le cúram leanaí.

Is féidir leis an iniúchadh plé leis an tsocheolaíocht, leis an tomhaltas nó leis an eolaíocht.

Ní foláir don staidéar a bheith iniúchach agus ba chóir go gcuimseodh sé éagsúlacht modhanna taighde, e.g.

- cuairteanna
- agallaimh, ceistneoirí
- obair phraiticiúil
- díospóireacht
- comhfhreagras
- úsáid saoráidí leabharlainne, etc.

ROGHNÚ NA TOPAICE DON TIONSCADAL

6.1.2 Ba chóir go roghnódh an mac léinn an topaic don tionscadal i gcomhairle leis an múinteoir ranga.

- Ba chóir go mbeadh an tionscadal ar chumas an mhic léinn.
- Ba chóir go dtabharfadh an topaic deis don mhac léinn bunobair dá c(h)uid féin – anailís, léirmhíniú agus/nó forbairt – a dhéanamh. (Ní bheadh an deis sin ar fáil i dtionscadal nach mbeadh ann ach trascríobh nó athscríobh téacs atá i gcló cheana.)
- Ba chóir go gcuirfeadh an tionscadal ar chumas an mhic léinn úrnuacht agus tionscnaíocht a léiriú ina c(h)uid oibre.

Ba chóir go mbeadh sé indéanta an tionscadal a chur i gcrích laistigh den tréimhse aimsire, agus leis na hacmhainní, atá ar fáil.

CUR I bhFEIDHM AN TIONSCADAIL

6.1.3 Ba chóir na céimeanna seo a bheith ag baint leis an tionscadal/iniúchadh:

- taighde cúlra i dtaobh thopaic ghinearálta an tionscadail

- cur síos beacht soiléir ar aidhmeanna an tionscadail

- bailiú eolais agus ba chóir go mbainfí úsáid as teicnicí éagsúla, e.g. breis léitheoireachta, suirbhéanna, ceistneoirí, agallaimh, cuairteanna ar institiúidí, comhfhreagras, etc.

- forbairt an tionscadail

  - anailís ar an eolas

  - roghnú agus eagrú an eolais ábhartha

  - tástáil na faisnéise – obair phraiticiúil – mionsamhlacha, etc.

  Dá ndéanfaí mionsamhail nó táirge éigin, e.g. bréagán bog nó móibíl, etc. forbairt topaice a bheadh ann agus ní topaic ina cáilíocht féin. Ní áireofaí mionsamhail ná táirge iontu féin mar thionscadal mura ndéanfaí iad i gcomhthéacs iniúchta i dteannta fianaise ar thaighde, ar fhorbairt réitigh agus ar meastóireacht an táirge i dtaca le haidhmeanna a luaitear go soiléir.

- tátail

  - tátail a bhaintear as torthaí an iniúchta

  - scagadh criticiúil ar thuairimí agus ar bhreithiúnais a nochtadh chun teacht ar bhreithiúnas pearsanta – chuimseodh a leithéid seo de scagadh meastóireacht chriticiúil ar aon táirge i bhfianaise aidhmeanna a luaitear, e.g. meastóireacht ar bhréagán i dtaca le gné éigin d'fhorbairt an linbh.

CUR I LÁTHAIR AN TIONSCADAIL

6.1.4 Ba chóir go ndéanfaí céimeanna éagsúla an tionscadail a chlárú agus a chur i láthair i bhfillteán chun go ndéanfaí measúnú orthu. Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas ina measc:

- innéacs, caibidlí/ranna, teidil, uimhreacha na leathanach, etc.

- ráiteas soiléir ar aidhmeanna an tionscadail

- modhanna – fianaise ar na teicnící a úsáideadh chun eolas a bhailiú

- nithe a bhaineann le hábhar, e.g. líníochtaí, léaráidí le lipéadaí, grianghraif, graif, etc.

- réitigh – torthaí

- tátail

- admhálacha

- leabharliosta – foinsí eolais

Má dhéantar táirge/earra/mionsamhail mar chuid den tionscadal ba chóir go gcuirfí i láthair é i dteannta leis an bhfillteán ina bhfuil an t-eolas scríofa.

- Níor chóir go mbeadh níos mó ná **1,500 focal** sa tionscadal – **is í cáilíocht na hoibre is mó a rachaidh i gcion seachas an fad**.

6.2 STAIDÉAR ROGHNACH – DEARADH AGUS CEARDAÍOCHT

6.2.1 Is é aidhm na rogha seo ná meas agus tuiscint a chothú sna mic léinn ar an dearadh agus ar an gceardaíocht ina gcultúr féin san am i láthair agus anallód, deis a thabhairt dóibh taighde a dhéanamh ar dhéantús earraí ceardaíochta agus earraí ceardaíochta a dhéanamh.

Agus *teicstíl* ar bith mar bhunábhar acu ba chóir go gcuirfeadh mic léinn tionscadal dearaidh i gcrích chun earra ceardaíochta dá rogha féin a dhéanamh. Is féidir leis an earra seo a bheith traidisiúnta nó comhaimseartha.

6.2.2 Ní foláir d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chur i láthair i gcomhair measúnú:

- fillteán ina mbeidh mionsonraí an tionscadail dearaidh, cur síos ar an bpróiseas dearaidh a leanadh agus fianaise ar an taighde a rinneadh i dtaca leis an gcineál ceardaíochta a rinneadh.

- earra ceardaíochta críochnaithe.

6.2.3 Ba chóir go roghnódh an mac léinn an cineál ceardaíochta i gcomhairle leis an múinteoir.

- Ba chóir go leanfadh na mic léinn na céimeanna i bpróiseas an dearaidh le linn dóibh a bheith ag forbairt an tionscadail, i.e. anailís, taighde iniúchta, réiteach, cur i gcrích / táirgeadh, meastóireacht.

- Ní foláir na céimeanna i bpróiseas an dearaidh a leanadh a chlárú agus a chur i láthair i bhfillteán i gcomhair measúnú (líníochtaí, patrún, samplaí, etc. a táirgeadh i gcaitheamh an phróisis san áireamh.)

- Ní mór don cheardaíocht a roghnaítear a bheidh ina cuid shubstaintiúil den tionscadal críochnaithe agus is air ba chóir an chuid is mó den am a chaitheamh sa tionscadal.

- Ceadófar míreanna réamhdhéanta nó ceannaithe mar bhunábhar ceardaíochta sna cásanna seo **amháin**: (i) nuair atá obair throm dhearaidh agus cheardaíochta i gceist, **(ii)** nuair atá scileanna obair shnáthaide (obair láimhe nó obair mheaisín) san áireamh, agus nuair is léir gur fiú 15% de na marcanna an obair a bhfuiltear ag tabhair fúithi. Ba chóir go spreagfaí mic léinn chun **obair a roghnú is féidir a chríochnú laistigh de 15% den am atá ar fáil** agus béim a chur ar chur i bhfeidhm na scileanna agus ar chaighdeán na bailchríche, e.g. bheadh cúisín de phaistí níos oiriúnaí ná cuilt phaistí.

- Ní cheadaítear patrúin ná aistreoga tráchtála, etc. a úsáid ach **amháin** nuair nach bhfuil san earra a mbaintear leas as ach cuid thánaisteach de phríomhghnéithe an dearaidh agus na ceardaíochta sa tionscadal, e.g. ní miste patrún bunúsach cniotála a úsáid chun earra a tháirgeadh a ndéanfar bróidnéireacht ansin air nó a mbaineann mac léinn leas as chun dearadh i bhfoirm greamanna éagsúla, patrún dathanna, etc. a dhéanamh.

- **Ní glacfar** le fearais/trealamh tráchtála ceardaíochta nach bhfágann leordhóthain saoirse ceapadóireachta ag na mic léinn.

- Ar na cineálacha ceardaíochta a nglacfaí leo tá na cinn seo a leanas: bróidnéireacht; cuilteáil; obair phaistí; macramé; cniotáil; obair chróise; lása, fíodóireacht; appliqué; smocáil.

6.3 STAIDÉAR ROGHNACH – SCILEANNA TEICSTÍLÍ

6.3.1 Is é aidhm atá leis na Scileanna Teicstíle ná a chinntiú go bhfoghlaimeoidh mic léinn réimse na scileanna atá riachtanach chun meas agus tuiscint a bheith acu ar an dearadh, patrúin a úsáid agus baill bhunúsacha éadaigh a dhéanamh.

6.3.2 Ní foláir d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chur i láthair i gcomhair measúnú:

- ball éadaigh críochnaithe
- fillteán ina mbeidh fianaise ar an réamhobair tacaíochta ar tugadh fúithi i dtaca leis an mball éadaigh críochnaithe.

6.3.3 Ba chóir go roghnódh na mic léinn an ball éadaigh i gcomhairle leis an múinteoir.

- Ba chóir go gcuimseodh an **ball éadaigh** a roghnaítear **dhá phróiseas** ar a laghad, e.g. bóna, muinchillí, póca, sip, poill chnaipí, etc. agus ba chóir go gcuirfeadh sé ar chumas an iarrthóra na nithe seo a leanas a léiriú:
  - inniúlacht ar phatrúin a úsáid
  - tuiscint ar phrionsabail an dearaidh
  - réimse agus caighdeán scileanna ionramhála a thugann le fios go bhfuil forbairt tagtha ar na scileanna a d'fhoghlaim sé/sí sa staidéar ar na Teicstílí sa chomhchúrsa.

6.3.4 Ba chóir go gcuimseodh an **fillteán** mionsonraí i dtaobh aon staidéir/taighde tacaíochta ar tugadh faoi i dtaca leis an mball éadaigh, e.g.

- na cúiseanna ar roghnaigh an t-iarrthóir an ball éadaigh – gnéithe den dearadh, etc.
- an patrún a úsáideadh – leasuithe a rinneadh, etc.
- an fhabraic/na fabraicí a úsáideadh – an rogha, an dearadh, tástálacha a rinneadh chun oiriúnacht na fabraicí a chinntiú, an méid, an costas, etc.
- míreanna maisiúcháin/smaointe ar baineadh úsáid astu
- uirlisí agus trealamh a úsáideadh
- meastóireacht ar an mball éadaigh críochnaithe.

AGUISÍN 1

MEASÚNÚ AR SCILEANNA CÓCAIREACHTA AGUS BIA

Iomlán na marcanna: 100 Pleanáil agus Ullmhúchán: 20 Cur i gcrích: 50 Cur i láthair agus Measúnú : 30
Uasmharc in aghaidh an cheannteidil: 10

Pleanáil agus Ullmhúchán

Anailís

- Sainaithint na dtosca atá i gceist, i.e.
  tosca daonna: riachtanais chothaithe, aois, sláinte, etc.
  tosca ábhartha: am, airgead, trealamh, bealaí cócaireachta,
  fáil ar chomhábhair, etc.
- Taighde i dtaobh na mias agus an trealaimh a shásódh riachtanais an taisc
- Cinnteoireacht / Réiteach
  biachlár/miasa a réiteach chun na critéir luaite, na bealaí cócaireachta
  agus na n-acmhainní a shásamh, etc.

10

Pleanáil agus Ullmhúchán

- Plean ama a réiteach.
- Liostaí na gcomhábhar, an trealaimh, na ngaireas, na mias riar
- Réamhullmhúchán an trealaimh agus na gcomhábhar
- Eagrú an ionaid oibre.
- Sláinteachas pearsanta, éadach cuí

10

Cur i gCrích

Scileanna Cócaireachta

- Cur i bhfeidhm praiticiúil an eolais agus na scileanna
- Comhordú agus deaslámhacht in úsáid an trealaimh
- Scileanna láimhsithe

20

Cur i bhfeidhm phrionsabal na cócaireachta

- Cur i bhfeidhm ceart phrionsabail na cócaireachta
- An teocht cheart a úsáid
- An t-achar ceart ama a mheas

10

Bainistíocht na n-acmhainní

- Úsáid thíosach na n-acmhainní
- Céimeanna an taisc in ord a chéile.
- Bainistíocht an ama – cé mar a cloíodh leis an amchlár
  Ar cuireadh an tasc i gcrích laistigh den tréimhse a ceadaíodh?

10

Sláinteachas agus Sábháilteacht

- Sláinteachas pearsanta.
- Cloí le nósanna sláinteacha oibre, an t-ionad oibre
  – dromchla agus trealamh, láimhseáil sláinteach an bhia,
  stóráil an bhia le linn an mheasúnaithe, nósanna cearta glantacháin
- Cloí le nósanna sábháilte oibre i dtaca leo seo:
  – trealamh leictreach, uirlisí, leachtanna teo, ionad na n-uirlisí cócaireachta,
  rialú na teochta, doirteadh, etc.

10

Cur i Láthair agus Measúnú

Dealramh agus Cuma

- Cur i láthair tarraingteach, cruthaitheacht (gairnisithe nó maisithe go deas), an dath – gan an chuma air go ndearnadh fochócaireacht ná róchócaireacht

10

Blas

- Blastacht
- Téagar agus uigeacht
- Cócaireacht chuí déanta

10

Measúnú

- Meastóireacht chriticiúil ar an tasc a cuireadh i gcrích
- An sásaíonn sé an tasc?
- Moladh maidir le leasú

10

AGUISÍN 2

CÚRAM LEANAÍ
MEASÚNÚ AN TIONSCADAIL

Marc iomlán: 100

Aidhm an tionscadail	● Ráiteas soiléir. ● An mbaineann sé le hábhar?	10
Modhanna Taighde/ Anailís ar an bhFadhb	● Bailiú eolais – na teicnící a úsáideadh agus/nó ● Taighde ar an tasc.	20
Ábhar	● An bhfuil baint aige leis an aidhm? ● Cé chomh mion agus atá an ionramháil? ● Tástáil an eolais/obair phraiticiúil, mionsamhlacha, etc. ● Cruinneas an eolais ● Eagrú na n-ábhar.	10
Tátal	Ba chóir go gcuimseodh aon tátal a bhainfí as an taighde meastóireacht chriticiúil ar aon toradh a táirgeadh i gcomparáid leis na haidhmeanna a luadh roimh ré.	10
Bunúlacht	Ba chóir go mbeadh fianaise ann ar mhachnamh bunúil de chuid an iarrthóra maidir le hanailís, le léirmhíniú nó/agus le forbairt na topaice.	10
Cur i láthair	● Leagan amach. ● Scileanna litrithe/scríbhneoireachta. ● Caighdeán na ngrafaicí, etc. ● An bhailchríoch a cuireadh ar an táirge.	10

AGUISÍN 3

DEARADH AGUS CEARDAÍOCHT
MEASÚNÚ AN TIONSCADAIL

Marc iomlán: 100 Fillteán an Dearaidh: 30 An Táirge: 70

Fillteán an Dearaidh

An Fhadhb agus an Anailís	• Ráiteas an taisc. • Sainaithint phríomhriachtanas an taisc / na dtreoracha dearaidh • Taighde, malairt réitigh.	10
Réiteach	• Dearadh, líníochtaí agus léaráidí, patrún, mionsamhail. • Ábhair, trealamh agus teicnicí, plean oibre. • Taighde ar an cheardaíocht a roghnaíodh	10
Measúnú	• Measúnú criticiúil ar an earra ceardaíochta. • Leasuithe a mholtar.	10

An Táirge

Freagairt don Tasc / Oiriúnacht	• An sásaíonn an réiteach an tasc / na treoracha? • An bhfuil an cheardaíocht agus na hábhair a roghnaíodh ag teacht leis an bhfeidhm a bhainfear as an táirge?	10
Cur i bhfeidhm na Scileanna	• Ábhair, fearas agus scileanna oiriúnach don tasc? • Caighdeán na scileanna.	40
Gnéithe an Dearaidh	• Gnéithe aeistéitiúla. • Cruthaitheacht.	10
Caighdeán an Táirge	• An bhailchríoch a cuireadh ar an táirge	10

AGUISÍN 4

SCILEANNA TEICSTÍLÍ
MEASÚNÚ AN TIONSCADAIL

Marc iomlán: 100 Ba(i)ll Éadaigh: 80 Fillteán an Staidéir Thacaíochta: 20

Ba(i)ll Éadaigh

Oiriúnacht	• Rogha na n-ábhar, na fabraic, an phatrúin agus na bpróiseas fuála.	10
Cur i bhfeidhm na Scileanna	• An úsáid a baineadh as ábhair, trealamh agus scileanna a bhí oiriúnach don bhall nó do na baill éadaigh. • Caighdeán na scileanna.	
Gnéithe Faisin agus Dearaidh	• Prionsabail an dearaidh á gcur i bhfeidhm. • Tarraingt an fhaisin. • Gnéithe aeistéitiúla.	10
Caighdeán an Táirge / na dTáirgí	• An bhailchríoch a cuireadh ar an mball / ar na baill éadaigh • Cur i láthair an bhaill / na mball éadaigh.	20

Fillteán an Staidéir Thacaíochta

An Staidéar Tacaíochta	• Na tosca a chinn roghnú an bhaill éadaigh • Mionsonraí an phatrúin a úsáideadh, leasuithe, etc. • Mionsonraí na fabraice – an méid, an costas, an comhdhéanamh, etc. • Mionsonraí na n-oiriúintí / na nóisean fuála. • Mionsonraí an trealaimh a úsáideadh. • Measúnú ar an mball / ar na baill éadaigh – an bhailchríoch, an luíonn sé/siad go maith ar an gcorp, an costas, etc.	20